**Nuachtlitir Meán Fómhair 2015**

## Fáilte

Cuirimid fáilte mhór romhaibh ar ais chuig Gaelscoil Uí Earcáin, a pháistí, a thuismitheoirí agus a fhoireann uilig. Tá súil againn go raibh laethanta saoire deasa ag gach éinne. Cuirfimid fáilte roimh Múinteoirí nua ar an bhfoireann – Deirdre Ní Ghloinn, Cáit Nic Ghiolla Chomhail agus Dónal Mac Thaidhg. Go mbeidh scoilbhliain shona, thairbheach, thaitneamhach againn go léir.

*We welcome all pupils, parents and staff back to Gaelscoil Uí Earcáin. We hope that everyone had an enjoyable holiday. We welcome new staff members - Deirdre Ní Ghloinn, Cáit Nic Ghiolla Chomhail agus Dónal Mac Thaidhg.We wish everyone a happy and fulfilling year.*

## Comhghairdeacheas

Comhghairdeacheas le Múinteoir Eoin B agus Angie ar saolaíodh iníon óg dóibh.

*Congratulations to Múinteoir Eoin B and Angie on the birth of their daughter.*

Comhghairdeachas freisin le Múinteoir Donna agus David a phós i rith an tsamhraidh.

*Congratulations too to Múinteoir Donna and David who were married over the summer.*

Guímid saol fada sona sláintiúl ortha.

*We wish all of them a long, healthy and happy life.*

Comhghairdeacheas le Ciara Nic Shiacais Rang 6 atá roghnaithe chun imirt ar Leibheál Náisiúnta i bPáirc an Chrócaigh ag leath ama Chluiche Ceannais Iománaíocht na hÉireann ar 6 Meán Fómhair.

*Congratulations to* Ciara Nic Shiacais Rang 6 who has been chosen to play at National Level in Croke Park on All Ireland Hurling Final Sunday September 6th.

## Athoscailt na scoile/Reopening of the school

Ón 1- 4 Meán Fómhair beidh na **Naíonáin Bheaga** ar scoil ó 9.30rn - 11.30rn
Ón 7-11 Meán Fómhair beidh na **Naíonáin Bheaga** ar scoil ó 8.50rn - 12.00
Ón Luan 14 Meán Fómhair ar aghaidh beidh na **Naíonáin Bheaga** ar scoil ó 8.50rn - 1.30in.

*From 1-4 September **Junior Infants** will begin at 9.30am and finish at 11.30am*
*From 7-11 September **Junior Infants** will begin at 8.50am and finish at 12.00pm*

*From 14 September **Junior Infants** will begin at 8.50am and finish at 1.30pm*

Ón 1-11 Meán Fómhair beidh **Rang 1** ar scoil ó 8.50rn - 2.30in.
*From 1-11 September **Rang 1** will begin at 8.50am and finish at 2.30pm.*

**Cruinnithe Foirne/ Staff Meetings**

Beidh cruinnithe foirne ar siúl taobh amuigh d'amanna scoile mar chuid de chomhaontú Pháirc an Chrócaigh. *All staff meetings will take place outside of school hours as part of the Croke Park Agreement.*

**Snámh/Swimming**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Téarma 1 | Rang 2 | 10 Seachtaine | €35 |
| Téarma 2 | Rang 3 + 4 | 9 Seachtaine | €30 |
| Téarma 3 | Rang 1 | 10 Seachtaine | €35 |

Caithfear an táille seo a bheith íoctha roimh an chéad cheacht.
*Lessons must be paid for before 1st lesson begins.*

**Meabhrú maidir le Cnónna sa Scoil**.

Ní cheadaítear aon chnónna a thógáil ar scoil ag am ar bith nó aon táirgí le cnónna iontu a thógáil ar scoil. Tá ailéirgé an-dáinséireach ag roinnt páistí sa scoil le cnónna.

*A reminder that children are not permitted at any time to bring nuts or any nut products to school as a number of children have a life-threatening allergy to these products, this includes all chocolate products.*

**Polasaí Lóin/ *Lunch Policy***

Níl barranna gráinní nó tairgí le seacláid ar bith orthu ceadaithe ag ár bpolasaí lóin. Fizzy drinks, crisps, sweets, c*ereal bars or any products with chocolate are not permitted by our Healthy Eating policy.*

**Laethanta Saoire na Bliana/ Holidays**

Tá laethanta saoire na bliana seo socraithe agus eolas iomlán le fáil ar shuíomh na scoile www.gsue.ie.

Sa chás go ndúnfar an scoil go heisceachtúil le linn droch aimsire bheadh iachall ar an scoil na laethanta sin a dhéanamh suas le linn na Cásca.

*The school holidays have been fixed and all information is on [www.gsue.ie](http://www.gsue.ie). In the event that the school is forced to close due to severe weather conditions the school may have to make up the days at the beginning of the Easter break.*

**<u>Tinreamh/Attendance</u>**

Glaofar an rolla gach maidin roimh a 9.50rn. Mura bhfuil do pháiste ar scoil in am agus gan an scoil curtha ar an eolas roimh ré glacfar leis mar as láthair.

*Rolla will be called each morning before 9.50am. Children coming to school after this time without informing the school beforehand with a valid reason will be marked as non attendance.*

**<u>Seo a leanas múinteoirí na ranganna don scoilbhliain 2015-2016:</u>**

***The allocation of classes for the school-year* 2015-2016 *and dates for meetings is listed below.***

| *Rang/ Class* | *Seomra/ Room* | *Múinteoir* | *Cruinniú/ Meeting Meán Fómhair/ September* | *Seomra/ Room* |
|---|---|---|---|---|
| *Naí Bheaga A* | *1* | *Alison* | *Dé Céadaoin/ Wed 9/9/2015 @11:30* | *1* |
| *Naí Bheaga B* | *3* | *Alan* | *Déardaoin/ Thurs 10/9/2015 @ 11:30* | *3* |
| *Naí Bheaga C* | *5* | *Ciara* | *Dé hAoine/ Fri 11/9/2015 @ 11:30* | *5* |
| *Naí Mhóra A* | *2* | *Dónal* | *Déardaoin/ Thurs 10/9/2015 @ 13:00* | *2* |
| *Naí Mhóra B* | *4* | *Mairéad* | *Dé hAoine/ Fri 11/9/2015 @ 13:00* | *4* |
| *Rang 1 A* | *6* | *Eoin* | *Dé Máirt/ Tues 8/9/2015 @ 13:00* | *6* |
| *Rang 1 B* | *7* | *Rebecca* | *Dé Céadaoin/ Wed 9/9/2015 @ 13:00* | *7* |
| *Rang 2 A* | *10* | *Tighearnán* | *n/a* | *10* |
| *Rang 2 B* | *11* | *Cáit* | *n/a* | *11* |
| *Rang 3 A* | *14* | *Eoin* | *n/a* | *14* |
| *Rang 3 B* | *12* | *Deirdre* | *n/a* | *12* |
| *Rang 4* | *12* | *Eithne* | *n/a* | *12* |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *Rang 5* | *13* | *Mairéad* | *n/a* | *13* |
| *Rang 6* | *14* | *Richard* | *n/a* | *14* |

**<u>Clogaid ar an Rothair/ Cycling Helmets</u>**

Ba chóir go mbeadh clogad á chaitheamh i gcónaí ag gach páiste a thagann ar scoil ar rothar. Tá ar gach páiste tuirlingt den rothar ag an ngeata agus é a shiúl timpeall go dtí an seid a bheidh ar oscailt ó 8.40rn go 9.00rn gach maidin.

*All children cycling to school must wear a helmet. Children must dismount from their bicycles at the school gate and walk their bicycle around to the shed that will be open each morning from 8.40am to 9.00am.*

**Gaeilge timpeall na Scoile**

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh gach duine a chuid leis an nGaeilge a chothú mar theanga bheo phobail na scoile, agus ní amháin teanga a labhraítear ó 8.40rn go 2.30in. Iarraimid oraibh iarracht mhór a dhéanamh gan aon Bhéarla a labhairt timpeall na scoile, leis an bhfoireann, páistí nó tuismitheoirí. Le do thoil spreag na páistí le Gaeilge a labhairt le chéile i gcónaí.

*In a Gaelscoil, it is vital that every member of the school community does their part to make Gaeilge a vibrant and living language, and not just something that is imposed from 8.40am to 2.30pm. Please make an effort not to speak any English to the staff, children or parents. Please encourage children to speak Irish to each other.* "Beatha teanga í a labhairt"

**<u>Cúrsaí Airgid</u>**

Déanann Gaelscoil Uí Earcáin gach iarracht na costaisí a choinneáil chomh híseal agus gur féidir ach táimid lonnaithe i bhfoirgneamh mór le billí arda chun é a rith. Tá go leor de na deontais tar éis bheith gearraithe. Tá sé rí-thábhachtach go n-íocfadh gach clann aon airgead atá le dul go dtí an scoil. Má tá deacrachtaí le billí le bhur dtoil tar isteach go dtí an scoil chun é a phlé.

*Gaelscoil Uí Earcáin aims to keep costs as low as possible, but we are in a large building with huge running costs. Many of the school's grants have been cut. It is important for each family to pay monies owed and not allow bills to go unpaid. For those who have difficulty paying please come in and discuss with the school.*



**Cnoc Coipéar/ Copper Mountain:**

Tá Cnoc Coipéar againn sa scoil. Bíonn muid go léir ag iarraidh fáil réidh leis an sóinseáil a líonann bhur bpócaí agus nach mbíonn muid in ann a chaitheamh riamh. Anois, tá seans agat-tabhair an sóinseáil don scoil! Tá an scoil ag bailiú aon sóinseáil nach bhfuil uait. Seol an t-airgead isteach le do pháiste. Míle buíochas!
*We have a Copper Mountain in the school. We would all like to get rid of that loose change that always weighs down your pockets. Well here's your chance-give your coppers to the school! The school will collect any change that you want to dispose of. Simply send it in to the school with your child. Thanks!*

**Lipéid ar gach rud:**

Le bhur dtoil, an bhféadfadh sibh lipéid a chuir ar *gach rud* a bhaineann le do páiste a thagann ar scoil. Sé sin, éadaí scoile, cóta scoile, mála scoile. Ní féidir le Gaelscoil Uí Earcáin bheith freagrach as treallamh na páistí.
*Can parents please label EVERYTHING that belongs to your child? That is, school uniforms, school coat, school bags etc. Gaelscoil Uí Earcáin cannot be held responsible for every child's belongings.*

**Bileog Eolais/ Information sheet:**

Beidh bileog eolais le líonadh i gcomhair chuile pháiste sa scoil. Iarrtar ort an t-eolas seo a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais ag an múinteoir ranga chomh luath agus is féidir. Iarrtar ort a chinntiú freisin go bhfuil an uimhir theagmhála atá againn do text-a-parent ag feidhmiú agus má tá aon athrú tagtha ar an uimhir a tugadh dúinn ar dtús é sin a chur in iúl don Oifig.
*A bileog eolais must be completed for every child in the school. We ask that this document be returned to the class teacher as soon as possible. We ask that all families provide a functioning mobile number for the text-a-parent facility. If your number has changed from the original one supplied to the school please inform the school office.*

**Árachas/ Insurance:**

Má theastaíonn uait Arachas 24 uair a chloig a fháil ar do pháiste lion a fhoirm a cuireadh abhaile agus cur ar ais chuig an oifig leis an táille cuí.

*If you wish to take out 24 hour Insurance for your child please complete the form sent home with your child and return with fee (€5.50) to the school office.*

**Pairceáil taobh amuigh den ngeata*/Parking outside the gate:***

Bainfear leas as an spás ar thaobh na láimhe clé taobh amuigh den ngeata agus tú ar do bhealach isteach sa scoil, 'sé sin an stráice clúdaithe le tarmac,

mar spás do dhaltaí atá ag fanacht ar oscailt na ngeataí scoile. Tá cosc iomlán ar pháirceáil ar an stráice seo. Iarrtar ar na tuismitheoirí i gcarranna a bheith ag faire amach do na coisithe lasmuigh de gheataí na scoile.

*The area to the left of the school gate as you approach the school, i.e. the strip of tarmac, is reserved as a congregation for pupils who are awaiting the opening of the gates. Parking is not permitted in this area. We would also ask for parents not to park directly in front of the gate as it blocks the entrance in the event of an emergency. Parents in cars are also asked to be more aware of pedestrians outside the school gates.*

**Cabhair Sa Scoil / Lend a hand at Gaelscoil Uí Earcáin:**

Tá muid i gcónaí ag lorg cúnaimh sa scoil. Faoi láthair tá cabhair uainn sa ghairdín, sa leabharlann srl. Má tá an am agat is féidir do shonraí a thabhairt don ofig!

*We are always looking for helpful parents at this time of year and are currently on the hunt for people to help out in the garden, in the library etc. If you think you might have some time to spare make sure to let the office know!*

**Ar scáth a chéile, a mhairimid!**